RTÉ

RÁITEAS SEIRBHÍSE POIBLÍ
2010

carachtar

pleanála

muinín

carachtar

pleanála

muinín

An tAcht Craolacháin 2009
Thug an tAcht Craolacháin 2009 (an tAcht) isteach trí cheanglas nua ó thaobh tuairisciú i gcás RTÉ agus seo a leanas iad:

Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ 2010

Déanfaidh RTÉ, tar éis comhchomhairle poiblí, tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an tAcht seo a rith, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, nó de réir mar a cheanglóidh an tAire (Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha), ráiteas seirbhíse poiblí a ullmhú ina leagfar amach na prionsabail a bheidh le comhlíonadh agus na gníomhaíochtaí a bheidh le gabháil de láimh ag RTÉ chun a cuid chuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

Cuireadh *Ráiteas Seirbhíse Poiblí* RTÉ faoi bhráid an Aire an 12 Iúil 2010.

Ráiteas Straitéise 2010-2014

Tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an tAcht seo a rith agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh RTÉ Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a thíolacadh don Aire. Leagfar amach i ráiteas straitéise straitéis Bhord RTÉ chun a chuspóirí a bhaint amach faoin Acht seo le linn na tréimhse lena mbaineann an ráiteas, ag féachaint d'acmhainní atá ar fáil do RTÉ.

Cuireadh *Ráiteas Straitéise RTÉ 2010-2014* faoi bhráid an Aire an 12 Eanáir 2010.

Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanas Feidhmíochta

Ullmhóidh RTÉ faoin 31 Eanáir gach bliain, ráiteas bliantúil i dtaobh gealltanas feidhmíochta (a) de réir a chuspóirí (b) de réir an Ráitis Straitéise, (c) de réir an *Ráitis Seirbhíse Poiblí* agus lena n-áireofar na gníomhaíochtaí a mbeidh sé beartaithe ag an gcorparáid gealltanas a thabhairt ina leith sa bhliain airgeadais sin agus táscairí feidhmíochta gaolmhara.

Tuairisceoidh RTÉ gach bliain ina Thuarascáil Bh liantúil faoi chomhall nó neamhchomhall aon ghealltanais a bheidh tugtha ina *Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanas Feidhmíochta.*

Cuireadh céad *Ráiteas Bliantúil RTÉ i dtaobh Gealltanas Feidhmíochta 2010* faoi bhráid Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) an 3 Feabhra 2010.

Réamhrá

Is eagraíocht meán sheachbhrabúsach é RTÉ atá ann chun freastal ar mhuintir na hÉireann. Ceanglaíonn Acht Craolacháin 2009 ar RTÉ siamsaíocht, eolas agus oideachas a chur ar fáil agus go mbainfeadh tréithe seirbhíse poiblí leis. Caithfear seirbhísí craolacháin RTÉ a sholáthar saor go haer don phobal uile agus do phobail de bhunadh na hÉireann thar lear, a mhéid agus is indéanta sin go réasúnach.

Is é an sainordú is léir do RTÉ a bheith aige ná seirbhísí meán náisiúnta atá riachtanach do leas daonlathach an phobail a chur ar fáil. Caithfidh na seirbhísí sin a chinntiú go scaiptear eolas ar chúrsaí náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta i mBéarla agus i nGaeilge. Soláthraíonn siad spás inar féidir comhrá poiblí, díospóireacht, feidhmíocht agus siamsaíocht a chothabháil. Cinntíonn RTÉ trí bhainistíocht stuama ar acmhainn atá faoi úinéireacht phoiblí go ndéantar saol agus imeachtaí ó lá go lá agus spéiseanna cultúir agus cruthaitheacha dhaoine fásta agus leanaí na hÉireann a léiriú, a léirmhíniú agus a cheiliúradh.

Leagann *Ráiteas Seirbhíse Poiblí* RTÉ (An Ráiteas) amach na prionsabail a bheidh le comhlíonadh agus na gníomhaíochtaí a bheidh le gabháil de láimh ag RTÉ chun a chuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Tá an Ráiteas curtha ar an eolas ag comhchomhairle phoiblí agus déanfar é a athbhreithniú gach cúig bliana, nó mar a cheanglóidh an tAire.

Seirbhísí RTÉ

Leagann Acht Craolacháin 2009 amach cuspóirí RTÉ. I gcomhlíonadh a chuspóirí, soláthraíonn RTÉ na seirbhísí seo a leanas i láthair na huaire:

Teilifís

Craolann RTÉ dhá chainéal teilifíse saor go haer, RTÉ One agus RTÉ Two agus le chéile craolann siad réimse cuimsitheach de chláir a dhéantar sa bhaile agus a cheannaítear isteach thar raon leathan seánraí, a dhéanann freastal ar lucht féachana leathan agus cinn nideoige. Cuireann RTÉ cláir ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga freisin. Oibríonn RTÉ seirbhís teilitéacs, RTÉ Aertel, agus soláthraíonn uair an chloig de chláir Ghaeilge in aghaidh an lae do TG4.

Raidió

Craolann RTÉ ceithre stáisiún raidió FM; RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, RTÉ lyric fm agus RTÉ Raidió na Gaeltachta a dhéanann freastal ar raon leathan leasanna i réimsí mar nuacht, cúrsaí reatha agus spóirt, siamsaíocht, ceol agus sna healaíona. Oibríonn RTÉ seacht seirbhís raidió dhigiteacha ar Chraolachán Digiteach Fuaime (DAB) a chlúdaíonn caint, raidió do leanaí, damhsa, áiltéarnach, popcheol agus ceol timpeallachta. Tá rochtain ar sheirbhísí raidió RTÉ ar líne ag lucht éisteachta ar fud an domhain agus tá RTÉ Radio 1 ar fáil ar Fhadtonn sa Bhreatain agus i bpáirteanna eile den Eoraip.

Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Soláthraíonn Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ cláir chúrsaí reatha agus nuachta chuimsitheacha, neamhspleácha agus neamhchlaonta ar teilifís, ar raidió agus ar líne.

Seirbhísí Ar-Líne agus Foilsitheoireacht

Déanann RTÉ cothabháil ar láithreán gréasáin, RTÉ.ie; seirbhís súil siar teilifíse ar líne, RTÉ player agus seirbhís nuachta ar-líne 24 uair an chloig, RTÉ News Now. Tá raon leathan clár de chuid RTÉ ar fáil ag lucht féachana agus éisteachta lasmuigh d'Éirinn tríd an RTÉ player (Idirnáisiúnta) agus ar láithreán gréasáin RTÉ. Foilsíonn RTÉ an RTÉ Guide chomh maith, iris liostaithe craolta agus siamsaíochta.

Grúpaí Oirfide

Tugann RTÉ tacaíocht do chúig ghrúpa oirfide: dhá cheolfhoireann, Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Choirme RTÉ; dhá chór, Cór Fiolarmónach RTÉ agus Cór na nÓg RTÉ; agus ceathairéad téadach, Ceathairéad Téadach Vanbrugh RTÉ. Seachadann Grúpaí Oirfide RTÉ raon leathan léiriúchán ar ardchaighdeán i raon de ghníomhaíochtaí oideachais agus pobail comhlántacha. Ina theannta sin, déanann Grúpaí Oirfide RTÉ coimisiúnú agus an chéad taibhiú ar shaothair nua ó chumadóirí atá ag teacht chun cinn agus ó chumadóirí seanbhunaithe.

Tarchur

Soláthraíonn RTÉNL líonra tarchur analógach náisiúnta do Raidió agus Teilifís RTÉ, chomh maith le craoltóirí áitiúla agus náisiúnta eile agus tá sé mar óstach trealaimh do theileachumarsáid agus do sholáthróirí seirbhísí eile. Faoi láthair tá RTÉNL ag tógáil infrastruchtúr tarchurtha Theilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) náisiúnta mar ullmhúchán do thabhairt isteach sheirbhís DTT nua agus tá infrastruchtúr tarchurtha DAB trialach i bhfeidhm.

Leabharlann agus Cartlann

Déanann RTÉ cothabháil agus caomhnú ar an gcartlann den ábhar closamhairc Éireannach is mó ar domhan. Tá an chartlann chuimsitheach seo comhdhéanta, ní hamháin, de chláir raidió agus teilifíse, ach d'íomhánna, comhaid léiriúcháin, scripteanna, stór ceoil agus lámhscríbhínní chomh maith. I gcomhlíonadh cheanglais an Achta, tá scéim curtha ag RTÉ faoi bhráid an Aire a éascóidh rochtain ar an gcartlann sin.

Seirbhísí RTÉ Amach Anseo

I rith shaolré an Ráitis seo, bainfidh RTÉ an úsáid is fearr as teicneolaíochtaí atá ann cheana agus as teicneolaíochtaí a bheidh ag teacht chun cinn lena chinntiú go mbeidh rochtain ag ár lucht féachana ar ábhar RTÉ agus go mbeidh siad in ann sult a bhaint as nithe mar nuacht agus cúrsaí reatha nó cláir leanaí, cibé uair, slí nó áit is mian leo.

Prionsabail Treorach
Beidh na prionsabail seo a leanas mar threoir ag RTÉ:

- Fanfaidh RTÉ neamhspleách ar leas dílsithe ar bith
- Déanfaidh RTÉ freastal ar leasanna, riachtanais agus ábhair imní an phobail ar fad ar oileán na hÉireann agus beidh sé freagraíoch ina leith
- Beidh sé mar aidhm ag RTÉ na caighdeáin is airde cáilíochta seirbhíse agus clár a leagan síos agus a chothabháil
- Seasfaidh RTÉ leis na luachanna daonlathacha atá buanaithe sa Bhunreacht agus freastalóidh sé ar leas an phobail
- Déanfaidh RTÉ sloinneadh cultúir na hÉireann, riamh agus anois, a léiriú agus a chothú agus féachfaidh le cur le tuiscint níos mó ar an domhan mór
- Beidh RTÉ freagrach as gach a chraolann sé, a fhoilsíonn sé agus a thaibhíonn sé agus cinnteoidh sé luach ar airgead.

Gníomhaíochtaí

Leanfaidh RTÉ ag comhlíonadh na bprionsabal seo a leanas feadh a chuid seirbhísí ar fad ó lá go lá:

Ag fanacht neamhspleách…

- Seirbhísí nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ardchaighdeán a sholáthar a bheidh cruinn, neamhchlaonta agus oibiachtúil
- Ionracas ár gcuid seirbhísí agus nach mbeidh cinnteoireacht eagarthóireachta faoi réir ag tionchar míchuí ó leas tráchtála, polaitíochta, creidimh, sóisialta nó cultúir a chinntiú.

Ag freastal ar an bpobal go léir…

- Raon leathan clár agus seirbhísí a sholáthar a chuireann siamsaíocht, eolas agus oideachas ar fáil
- Taithí roinnte a chruthú trí ár gcuid seirbhísí a chuidíonn leis an bpobal a nascadh le chéile agus níos mó de mheon saoránachta agus aitheantais náisiúnta a chothú
- Cláir agus seirbhísí a sholáthar do na spéiseanna a bhíonn ag tromlaigh agus ag mionlaigh, a bheith uilechuimsitheach agus an éagsúlacht atá ann in Éirinn an lae inniu a léiriú
- Cláir agus seirbhísí a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga a chónaíonn in Éirinn agus fúthu
- A chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar raon de chláir agus sheirbhísí RTÉ.

Seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar…

- Dianphróiseas eagarthóireachta a chothabháil ar fud sheirbhísí RTÉ go léir
- Nuálacht, turgnaíocht agus bunúlacht ó thaobh clár a spreagadh
- Oibriú leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách in Éirinn agus na daoine is mó tallann a mhealladh agus a fhorbairt chun ábhar a chruthú do lucht féachana na hÉireann
- A chinntiú go mbaineann na daoine a íocann táille ceadúnais sult as ábhar RTÉ agus úsáid á baint as na teicneolaíochtaí fuaime, físe agus éilimh ar an gcaighdeán is airde.

Freastal ar leas an phobail…

- Clúdach agus anailís chuimsitheach a sholáthar ar pholaitíocht agus ar ghnóthaí poiblí na hÉireann agus go hidirnáisiúnta lena n-áirítear clúdach ar thoghcháin áitiúla agus ar chinn náisiúnta, ar thoghcháin na hEorpa agus ar thoghcháin i dtíortha eile
- Deiseanna a chruthú do dhíospóireacht chóir agus do phlé cóir ar shaincheisteanna an lae ar fud sheirbhísí RTÉ
- Rannpháirtíocht ón lucht féachana ar chláir RTÉ a spreagadh agus a chumasú
- Tabhairt faoi thuairisciú imscrúdaithe faoi nithe a bhaineann le leas an phobail
- Meas ar chearta príobháideachais an duine agus a chinntiú nach ndéantar cúngú míréasúnach ar an bpríobháideachas sin
- Meas ar dhínit an duine agus saoirse tuairimíochta atá de cheart ag an duine a chosaint.

Léiriú cultúir a chur chun cinn…

- Seirbhísí Gaeilge agus Béarla araon a chur ar fáil
- A chinntiú go mbaineann sloinneadh agus léargas faoi leith na hÉireann le sceideal clár RTÉ
- Spás a sholáthar ar sceidil RTÉ do léiriú cultúir idirnáisiúnta agus na hÉireann, agus obair nua a chruthú agus a choimisiúnú
- Cláir de gach cineál a sholáthar a bhaineann le téamaí domhanda agus cur leis an bhfeasacht ar chultúir, ar luachanna agus ar thraidisiúin na hEorpa agus an domhain mhóir
- Cartlann inrochtana, ábhartha agus cuimsitheach d'ábhar fuaime, físe agus clóite a chothabháil
- A chinntiú go bhfanann Grúpaí Oirfide RTÉ ag croílár shaol an cheoil in Éirinn.

A bheith cuntasach…

- Ráiteas mionshonraithe a fhoilsiú ag tús gach bliana de ghealltanais feidhmíochta agus tuairsciú a thabhairt ar na gealltanais sin i dTuarascáil Bhliantúil RTÉ agus chuig Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)
- An leas is fearr a bhaint as ioncaim thráchtála cuí ar mhaithe le lucht íoctha na dtáillí ceadúnais
- Ár gcuid airgeadas a bhainistiú go stuama agus sárchleachtais a chothabháil ó thaobh rialachais agus córas tuairiscithe
- Seirbhís gearán agus eolais a chothabháil, Caighdeáin agus Treoirlínte Clár a fhoilsiú agus Comhairle Lucht Féachana agus ceart freagartha (ag teacht le scéim cearta freagartha an BAI) a bhunú.

RTÉ

www.rte.ie